



Coláiste Eoin

Polasaí Úsáide Inghlactha Ríomhairí agus Idirlín

- 1) Réamhrá
- 2) Scóip
- 3) Cearta
- 4) Pribhléidí
- 5) Teicneolaíochtaí a chlúdaítear
 - Coláiste Eoin: Líonra TFC
 - Coláiste Eoin: Ríomhphoist & Uirlisí Comhoibrithe ar Líne
 - Coláiste Eoin: Gléasanna Taibléid Pearsanta
 - Coláiste Eoin: Gléasanna Soghluaiste Eile
 - Coláiste Eoin: Slándáil
- 6) Róil & Freagrachtaí
 - Bainistíocht na Scoile
 - Múinteoirí
 - Tuismitheoirí
- 7) Cumarsáid Leictreonach
- 8) Cibearbhulaíocht
- 9) Úsáid na Meán Sóisialta
 - Treoirínte don Fhoireann maidir le húsáid Suíomhanna Meán Sóisialta
 - Úsáid Neamh-Inghlactha de Shuíomhanna Meán sóisialta agus na hiarmhairtí
- 10) *Freagrachtaí na nDaltaí*
 - Sábháilteacht Phearsanta*
 - Naitic Líonra*
 - Slándáil an Líonra*
 - Bradaíl*
 - Cibearbhulaíocht*
- 11) Cuntais
- 12) Rúndacht
- 13) Úsáid an Chórais
- 14) Feidhmiú an Chórais
- 15) Rochtain Neamhúdaraíthe
- 16) Cóipcheart
- 17) Cosaint ó Víris
- 18) Sáraithe
- 19) Struchtúir Thacaíochta
- 20) Smachtbhannaí i gcás Saraithe ar an bpolasaí seo
- 21) Treoirínte Breise
- 22) Reachtaíocht
- 23) Athbhreithniú

1. Réamhrá

Tá córais ríomhaireachta éagsúla i gColáiste Eoin le húsáid ag daltaí, múinteoirí, foireann agus ranna ábhair chun tacú leis na cláir oideachasúla atá i bhfeidhm sa Choláiste. Is chun críche oideachasúla, forbartha acadúil, taighde agus seirbhíse poiblí na córais seo. Tá dualgas orthu siúd a bhaineann úsáid astu iad a úsáid go héifeachtach ag cur riachtanais mhorálta, dlíthiúla agus cearta pearsanta san áireamh.

Tá sé mar aidhm ag an bPolasaí Úsáide Inghlactha na rialacha a chinntíonn úsáid inghlactha na gcórais ríomhaireachta a leagan síos. Tá cosc ar aon úsáid do-ghlactha agus beidh aon úsáid do-ghlactha ina bunús le cailliúint chearta úsáidte ríomhaireachta agus freisin ina bunús le smachtbhannaí scoile nó dlí.

Leagtar amach sa Pholasaí um Úsáid Inghlactha seo na treoirlínte agus na hiompraíochtaí a bhfuiltear ag súil go leanfaidh ár scoláirí agus iad ag úsáid teicneolaíochtaí na scoile nó gléasanna pearsanta ar champas Choláiste Eoin nó ag aon imeacht a eagraíonn an coláiste.

Meastar gur acmhainn agus pribhléid scoile é úsáid agus rochtain ar an idirlíon. Dá bhrí sin, mura gcloítear le Polasaí um Úsáid Inghlactha na scoile, féadfar an pribhléid seo a tharraingt siar agus smachtbhannaí cuí a chur i bhfeidhm – mar atá leagtha amach sa Pholasaí um Úsáid Inghlactha.

Táthar ag súil go leanfaidh scoláirí na rialacha céanna maidir le dea-iompar agus iompar measúil ar líne agus as líne araon. Tá na rialacha seo le fáil i gCód Iompar reatha Choláiste Eoin.

D'fhéadfadh mí-úsáid acmhainní na scoile gníomh smachta a bheith mar thoradh air.

Déanaimid iarracht réasúnta sábháilteacht agus slándáil scoláirí ar líne a chinntiú, ach ní ghlacfar le freagracht as aon dochar ná damáiste a eascraíonn as mí-úsáid theicneolaíochtaí na scoile.

Tá sé beartaithe go ndéanfar an Polasaí um Úsáid Inghlactha a athbhreithniú go rialta, ach tuigtear go bhfuil an polasaí seo glactha ag an tuismitheoir ar feadh shaol scoile a linbh mura n-athraítear an polasaí, .i. ní bheidh sé le síniú arís gach bliain. Sula sínítear é, ba cheart an Polasaí um Úsáid Inghlactha a léamh go cúramach lena chinntiú go nglactar leis na coinníollacha úsáide agus go dtuigtear iad.

2. Scóip

Caithfidh gach duine a bhaineann úsáid as córais ríomhaireachta Choláiste Eoin an Polasaí Úsáide Inghlactha seo a léamh, a thuiscint agus cloí lena bhfuil ann chomh maith le rialacháin nó teoracha eile a eisíonn an Coláiste.

3. Cearta

Is cuid de shealúchas Choláiste Eoin iad na fearais ríomhaireachta, na háiseanna agus na cuntais scoile agus is Coláiste Eoin a chuireann i bhfeidhm iad. Forchoimeádan an Coláiste gach ceart atá bainteach leis na hacmhainní ríomhaireachta a bhaineann leis, agus i measc na gcearta seo tá an ceart críoch a chur láithreach leis na hacmhainní seo.

4. Pribhléidí

Cuirtear rochtain agus pribhléidí úsáidte chórais ríomhaireachta Choláiste Eoin ar fáil trí fhoireann ríomhaireachta an Choláiste. Is féidir le daoine ar leith bheith ina n-úsáideoirí incheadaithe ar an gcóras agus rochtain agus pribhléidí ar leith acu trí chéimeanna áirithe a leanúint.

Is é Coláiste Eoin a chinnteoidh cé ag a mbeidh cead úsáidte na gcórais ríomhaireachta agus is í an scoil a eiseoidh cuntais agus pasfhocail.

Níl sé de chead in aon slí ag úsáideoir an cead nó na pribhléid seo a aistriú go duine eile. Ní bheidh cead ag aon úsáideoir eile cuntas nach mbaineann leis a úsáid ach amháin le cead ar leith ó Choláiste Eoin. Is iad na húsáideoirí incheadaithe atá freagrach as úsáid chuí an chórais, cosaint pasfhocail san áireamh.

5. Teicneolaíochtaí a Chlúdaítear

Féadfaidh Coláiste Eoin rochtain a chur ar fáil do dhaltaí ar raon teicneolaíochtaí. De réir mar a thagann teicneolaíochtaí nua chun cinn, féadfaidh Coláiste Eoin rochtain a chur ar fáil orthu freisin. Tá na polasaithe atá leagtha amach sa doiciméad seo beartaithe chun na teicneolaíochtaí uile a úsáidtear sa scoil a chlúdach, anois agus amach anseo.

5.1 Coláiste Eoin: Líonra TFC

Tá líonra ríomhaireachta Choláiste Eoin beartaithe chun críocha oideachais.

Féadfar monatóireacht a dhéanamh ar gach gníomhaíocht ar an líonra agus í a choinneáil.

Tá rochtain ar ábhar ar líne tríd an líonra srianta(***) de réir ár bpolasaithe agus de réir threoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna agus an NCTE.

Is beart sábháilteachta é an scagaire gréasáin, agus níor cheart iarracht ar bith a dhéanamh é a sheachaint agus an t-idirlíon á úsáid.

Má chuirtear bac ar shuíomh agus má chreideann dalta nár cheart é a bheith blocáilte, féadfaidh an dalta iarraidh ar a mhúinteoir/sí an suíomh a chur isteach le haghaidh athbhreithnithe.

(*** Tá trí leibhéal ag Coláiste Eoin ó thaobh líonra srianta de. Ar dtús, tá líonra srianta de chuid na Roinne Oideachais ann ag leibhéal 4. Ar an dara dul síos, tá líonra srianta dar teideal JamF SAFE ag Wriggle, soláthróirí iPadanna na scoile. Ar an tríú dul síos, tá soláthróirí an 'Server' / an fhreastalaí, GDK, ag baint úsáide as líonra srianta darr teideal Sonicwall. Tugtar deis do thuismitheoirí 'Screentime' a úsáid, má theastaíonn.)

5.2 Coláiste Eoin: Ríomhphost agus Uirlisí Comhoibrithe Ar Líne

Cuireann Coláiste Eoin cuntais ríomhphoist ar fáil do dhaltaí le haghaidh cumarsáide a bhaineann leis an scoil. Ba cheart cuntais ríomhphoist a úsáid go cúramach. Féadfar úsáid ríomhphoist a mhonatóiriú agus a chartlannú.

Táthar ag súil go ndéanfaidh daltaí cumarsáid ar líne leis an iompar cuí, sábháilte, aireach agus béasach céanna agus a dhéanfaidís as líne.

5.3 Coláiste Eoin: Gléasanna Táibléid Pearsanta

Féadfaidh Coláiste Eoin ríomhairí soghluaiste, iPadanna, taifeadáin dhigiteacha nó gléasanna eile a chur ar fáil do dhaltaí chun an fhoghlaím a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh den scoil. Ba cheart do dhaltaí cloí leis na polasaithe úsáide céanna agus iad ag úsáid gléasanna na scoile lasmuigh de líonra na scoile agus a chloíonn siad leo ar líonra na scoile.

Táthar ag súil go gcaithfidh daltaí leis na gléasanna seo le meas. Ba cheart dóibh aon chaillteanas, damáiste nó mífheidhmiú a thuairisciú dá bhfoireann múinteoirí láithreach. D'fhéadfadh daltaí a bheith freagrach ó thaobh airgeadais de as aon damáiste a eascraíonn as faillí nó mí-úsáid.

Déanfar monatóireacht ar úsáid gléasanna soghluaiste a eisítear ag an scoil. Tá Beartas Úsáide Inghlactha ar leith i bhfeidhm maidir le húsáid tháibléid na scoile.

5.4 Coláiste Eoin: Gléasanna Soghluaiste Eile

Féadfaidh daltaí gléasanna pearsanta (m.sh. ríomhairí glúine, ríomhairí táibléid, ceamaraí digiteacha, agus fóin chliste) a úsáid chun críocha oideachais, má cheadaíonn an múinteoir ranga é.

Ba cheart iompar cuí ar líne agus cloí leis an mbeartas úsáide ionchais a chleachtadh i gcónaí maidir leis na gléasanna thuasluaite agus gléasanna atá á bhforbairt faoi láthair macasamhail pinn dhigiteacha, spéaclaí digiteacha agus uaireadóirí.

5.5 Coláiste Eoin: Slándáil

Táthar ag súil go nglacfaidh daltaí agus baill foirne araon réamhchúraimí réasúnta i gcoinne bagairtí slándála a scaipeadh ar líonra na scoile. Áirítear leis seo gan comhaid nó cláir ionfhabhtaithe a oscailt ná a dháileadh, agus gan comhaid ná cláir de bhunadh anaithnid nó neamhiontaofa a oscailt.

6. Róil & Freagrachtaí

6.1 Bainistíocht na Scoile

Déanfaidh an Bord Bainistíochta an polasaí a fhaomhadh agus cinnteoidh sé a fhorbairt, a mhonatóireacht agus a mheasúnú.

Beidh an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach freagrach as scaipeadh an pholasaí agus as cur i bhfeidhm na smachtbhannaí.

Beidh an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach freagrach as oiliúint a chur ar fáil do scoláirí agus do mhúinteoirí maidir le sábháilteacht ar an idirlíon agus úsáid éifeachtach agus fhreagrach TFC.

Beidh an Príomhoide agus an Príomhoide Tánaisteach freagrach as ceardlanna agus aoichainteoirí a eagrú do thuismitheoirí agus do scoláirí ar an ábhar sábháilteachta ar an idirlíon.

Cuirfidh pobal na scoile tacaíocht ar fáil do scoláirí a ndearnadh cibearbhulaíocht orthu trí chur i bhfeidhm ár bPolasaí Frithbhulaíochta.

6.2 Múinteoirí

Déanfaidh múinteoirí maoirseacht ar sheisiúin ina mbíonn gléasanna leictreonacha in úsáid.

Leagfaidh múinteoirí amach dá ranganna, nuair is cuí, úsáidí na Meán Sóisialta mar chuid den chlár OSPS.

Tabharfaidh múinteoirí ranga comhairle do scoláirí maidir le húsáid shábháilte an idirlín de réir mar is cuí le linn ceachtanna.

Tuairisceoidh múinteoirí teagmhais chibearbhulaíochta agus beidh siad aireach ar a ndualgais faoi Threoirlínte um Chosaint Leanaí.

6.3 Tuismitheoirí

Beifear ag súil go léifidh, go dtuigfidh agus go síneoidh tuismitheoirí conradh maidir leis an Úsáid Ionchais de TFC agus de na Meáin Shóisialta i gColáiste Eoin.

Cabhróidh tuismitheoirí lena bpáistí an conradh sin a léamh agus a thuiscint.

Táthar ag súil go mbeidh tuismitheoirí rannpháirteach go gníomhach lena bpáistí agus go gcuirfidh siad oideachas orthu féin maidir le saincheisteanna a bhaineann leis na Meáin Shóisialta.

Tabharfaidh tuismitheoirí comhairle dá bpáistí maidir le húsáid shábháilte an idirlín agus úsáid chuí na Meán Sóisialta.

Ós rud é go bhfuil Polasaí um Úsáid Inghlactha na Scoile sínithe ag gach scoláire agus ag gach tuismitheoir, tuigfear, mar atá i gcás ar bith bulaíochta, go nglacann Coláiste Eoin bagairtí cibearbhulaíochta go han-dáiríre agus go nglacfaidh sé bearta cuí chun iad a chosc.

7. Cumarsáid Leictreonach

Ba cheart go dtarlódh cumarsáid idir daltaí agus foireann, pé modh a úsáidtear, laistigh de teorainneacha soiléire, gairmiúla. Áirítear leis seo úsáid níos leithne na teicneolaíochta amhail fóin phóca, teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist, ceamaraí digiteacha, físeáin, ceamaraí gréasáin, suíomhanna gréasáin agus blaganna.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le múinteoirí trí uimhir theileafóin na scoile. Níor cheart don fhoireann a n-uimhreacha soghluaiste pearsanta ná a seoltaí ríomhphoist pearsanta a thabhairt do dhaltaí. I gcás gnó scoile, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, níor cheart don fhoireann a n-uimhreacha soghluaiste pearsanta ná a seoltaí ríomhphoist pearsanta a úsáid. Cé go n-aithnímid gur pobal dlúth sinn agus go mbíonn caidreamh sóisialta chomh maith le caidreamh gairmiúil ag go leor ball foirne agus tuismitheoirí, chun nach mbeidh na teorainneacha doiléir, iarraimid go ndéanfaí gnó scoile trí chainéil oifigiúla na scoile nuair is féidir agus nuair is praiticiúil. Molaimid do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann trí chainéil oifigiúla na scoile amháin i gcás gnó scoile. Táimid ag súil go dtuigfidh agus go n-urramóidh tuismitheoirí agus foireann araon an difríocht idir gnó pearsanta agus gnó gairmiúil.

Níor cheart don fhoireann teagmháil phearsanta ó dhaltá a iarraidh ná freagairt di ar shuíomh meán sóisialta ar bith, agus ba cheart dóibh bainistíocht na scoile a chur ar an eolas láithreach faoi sin.

Ní mór do bhaill phobal na scoile a chinntiú, agus iad ag cumarsáid faoi dhaoine eile, fiú lasmuigh den scoil, go dtugann siad aird chuí ar na hiarmhairtí féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid de thuairimí. D'fhéadfadh gníomh foirmiúil a bheith mar thoradh ar thuairimí nó líomhaintí a dhéanamh ar shuíomhanna líonraithe sóisialta faoi dhaoine eile a bhfuil baint acu leis an scoil. Áirítear leis seo grianghraif a uaslódáil a d'fhéadfadh droch-cháil a thabhairt do dhuine, do dhaoine nó don scoil.

8. Cibearbhulaíocht

Tagraíonn sé seo do bhulaíocht a dhéantar tríd an idirlíon, fón póca nó gléasanna teicneolaíochta eile. Is féidir le cibearbhulaíocht tarlú ar go leor bealaí:

- Teachtaireachtaí téacs
- Teachtaireachtaí, ríomhphoist, grianghraif nó gearrthóga físe mailíseacha, mímhéasúla nó bagracha a sheoladh
- Glaonna gutháin chiúine

- Poist nó pictiúir mhaslacha a chur suas ar líne ar chláracha teachtaireachta, ar shuíomhanna gréasáin nó i seomraí comhrá
- A bheith ag ligean ort féin gur duine eile tú i seomra comhrá, ar chlár teachtaireachta nó i dteachtaireacht téacs agus rudaí gortaitheacha a rá
- Cuntas duine eile a rochtain chun ciapadh nó crá a dhéanamh orthu
- Mí-úsáid aon mheáin nó gléas teicneolaíochta eile
- Aonarú ó ghrúpaí WhatsApp

I gcás cibearbhulaíochta, leanfaidh an scoil an Polasaí Frithbhulaíochta. Tabhair faoi deara go bhféadfar aon eachtra aonair ar líne a mheas mar bhulaíocht agus nach gá go mbeadh “iompar diúltach neamh-inmhianaithe, briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, á dhéanamh ag duine aonair nó grúpa i gcoinne duine eile (nó daoine eile) agus a dhéantar arís agus arís eile thar thréimhse ama”. Cuirfidh an Coláiste an Polasaí Frithbhulaíochta i bhfeidhm agus é ag déileáil le daltaí a ghlac páirt i gcibearbhulaíocht (nó in aon chineál bulaíochta) ar dhaltaí eile roimh, le linn nó tar éis uaireanta scoile (má bhíonn tionchar aige ar shaol na scoile).

9. Úsáid na Meán Sóisialta

9.1 Treoirínte don fhoireann maidir le húsáid Suíomhanna Meán Sóisialta

Rialaítear úsáid suíomhanna meán sóisialta ag an bhfoireann de réir an Chóid Iompair Ghairmiúil a d’fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta. Ba cheart do mhúinteoirí:

- Cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daltaí, comhghleacaithe, tuismitheoirí, bainistíocht na scoile agus daoine eile ar bhealach gairmiúil, comhoibríoch agus tacúil, bunaithe ar mhuinín agus ar mheas.
- A chinntiú go bhfuil aon chumarsáid le daltaí, comhghleacaithe, tuismitheoirí agus bainistíocht na scoile oiriúnach, lena n-áirítear cumarsáid trí mheáin leictreonacha amhail ríomhphost, téacsáil agus suíomhanna líonraithe sóisialta.
- A chinntiú nach rochtainíonn siad, nach n-íoslódálann siad ná nach mbíonn ábhar/íomhánna míchuí nó mídhleathacha ina seilbh acu agus iad i mbun gníomhaíochtaí scoile, i bhformáid leictreonach nó eile.

Moltar don fhoireann socruithe príobháideachais a úsáid ar shuíomhanna/aplacaidí/ aipeanna meán sóisialta agus fanacht cothrom le dáta maidir le forbairtí ar shrianta príobháideachais.

Táthar ag súil go n-úsáidfí an fhoireann breithiúnas ciallmhar agus go gcoinneoidh siad na caighdeáin ghairmiúla is airde agus iad ag úsáid na meán sóisialta sa scoil.

9.2 Úsáidí Neamh-Inghlactha de Shuíomhanna Meán Sóisialta agus na hlarmhairtí

Tá gach ball de phobal na scoile freagrach as a iompar féin agus iad ag cumarsáid trí mheáin shóisialta agus beidh siad freagrach as ábhar a bpostálann siad ar ardáin mheán sóisialta. Samplaí d’úsáid neamh-inghlactha:

- Teachtaireachtaí nó íomhánna idirdhealaitheacha, ciaptha, diúltacha nó bagracha a sheoladh nó a phostáil a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh d’aon bhall de phobal na scoile.
- Ábhar a d’fhéadfadh cion nó gortú a dhéanamh do thríú páirtí a chur ar aghaidh, “Like” a thabhairt dó nó trácht a dhéanamh air.
- Teachtaireachtaí nó ábhar a sheoladh nó a phostáil a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh d’íomhá na scoile nó do chlu duine.

- Próifíl bhréige a chruthú a dhéanann pearsanú ar bhall eile de phobal na scoile.
- Ábhar atá rúnda don scoil a sheoladh nó a phostáil.
- Páirt a ghlacadh i mbreathnú ar íomhánna míchuí nó ábhar graosta, nó iad a mhalartú.

Cé go ndéileálfar le gach cás a bhaineann le húsáid mhíchuí na meán sóisialta ar bhonn aonair, measann Coláiste Eoin agus a Bhord Bainistíochta gur sárúithe tromchúiseacha iad seo ar ár gCód Iompair. Déanfar beart araíonachta i gcás úsáid mhíchuí uirlisí meán sóisialta.

10. Freagrachtaí na Scoláirí

10.1 Sábháilteacht Phearsanta

Má fheiceann tú teachtaireacht, trácht, íomhá, nó aon rud eile ar líne a chuireann imní ort faoi do shábháilteacht phearsanta, cuir ar an eolas láithreach é:

- múinteoir má tá tú ar scoil
- tuismitheoir/caomhnóir má tá tú sa bhaile

Níor cheart do dhaltáí faisnéis phearsanta fúthu féin ná faoi dhaoine eile a roinnt riamh ar an Idirlíon gan cead ó dhuine fásta, lena n-áirítear uimhreacha gutháin, seoltaí, uimhreacha PSP agus dátaí breithe.

Níor cheart do dhaltáí aontú riamh bualadh le duine a chasann siad leis ar líne sa saol fíor gan cead ó tuismitheoir.

10.2 Naitic Líonra (Netiquette)

Is féidir “naitic líonra” a shainiú mar iompar sóisialta cuí ar líonraí ríomhaire agus sa timpeallacht ar líne. Chuige sin:

- *Ba cheart do dhaltáí an tIdirlíon, acmhainní líonra agus suíomhanna ar líne a úsáid i gcónaí ar bhealach béasach agus measúil.*
- *Ba cheart do dhaltáí a aithint freisin go bhfuil ábhar gan fíorú, mícheart nó míchuí ar fáil ar líne in éineacht le hábhar luachmhar. Ba cheart foinsí iontaofa a úsáid agus taighde á dhéanamh tríd an Idirlíon.*
- *Níor cheart do dhaltáí aon rud a phostáil ar líne nach mbeadh siad sásta go bhfeicfeadh tuismitheoirí, múinteoirí, coláistí amach anseo nó fostóirí amach anseo é. Nuair a chuirtear rud ar líne, fanann sé ann go deo agus is féidir é a roinnt nó a scaipeadh ar bhealaí nach raibh beartaithe agat riamh.*

10.3 Slándáil an Líonra

Bain úsáid as ciall choiteann má cheapann tú nach bhfuil cuma cheart ar shuíomh gréasáin. Cuir do mhúinteoir nó do tuismitheoir ar an eolas.

Má cheapann tú go bhféadfadh víreas a bheith ar an ríomhaire nó ar an ngléas soghluaiste atá á úsáid agat, cuir do mhúinteoir nó do tuismitheoir ar an eolas.

Ná déan iarracht an víreas a bhaint tú féin ná aon chlár a íoslódáil chun cabhrú leis an víreas a bhaint. Níor cheart do dhaltáí cláir .exe a íoslódáil ná iarracht a dhéanamh iad a íoslódáil nó a rith ar líonra na scoile ná ar acmhainní na scoile.

De ghnáth beidh cead agat cineálacha eile comhaid a íoslódáil, amhail íomhánna nó físeáin. Ar mhaithe le slándáil ár líonra, íoslódáil comhaid den sórt sin ó shuíomhanna iontaofa amháin, agus chun críocha oideachais amháin.

10.4 Bradaíl

Níor cheart do dhaltáí ábhar, lena n-áirítear focail nó íomhánna, a chóipeáil ón Idirlíon trí Intleacht Shaorgan ó eile ná é a úsáid mar a gcuid féin gan tagairt a dhéanamh don chruthaitheoir bunaidh. Tugtar bradaíl air seo.

Níor cheart do dhaltáí creidiúint a ghlacadh as rud nach ndearna siad féin ná iad féin a chur i láthair mar údar nó mar chruthaitheoir ar rud a aimsíodh ar líne.

Ba cheart taighde a dhéantar tríd an Idirlíon a lua go cuí, ag tabhairt aitheantais don údar bunaidh.

Féadfaidh an scoil seiceáil a dhéanamh ar bhradaíl trí úsáid a bhaint as uirlisí ar líne atá ar fáil chun na críche sin.

Spreagfaidh an scoil daltaí a chruthaíonn ábhar bunaidh úinéireacht a éileamh air trí cheadúnas Creative Commons a úsáid agus trí mhodúl idirbhliana a chuideoidh le tagairtí mar is ceart a dhéanamh.

10.5 Cibearbhulaíocht

Ná bí maslach. Ná seol ríomhphoist ná ná postáil tráchtanna nó grianghraif agus é mar rún agat eagla, gortú nó imeaglú a chur ar dhuine eile.

Má ghlacann tú páirt in aon ghníomhaíochtaí ar líne atá dírithe ar dhuine eile a ghortú (go fisiciúil nó go mothúchánach), beidh beart araíonachta tromchúiseach agus cailliúint pribhléidí mar thoradh air.

Is samplaí de chibearbhulaíocht iad ciapadh, “flaming”, ísliú, pearsanú, nochtadh, cleasanna mailíseacha, eisiamh agus cibear-stalcadh.

I gcásanna áirithe, is coir í an chibearbhulaíocht.

Cuimhnigh go ndéantar monatóireacht ar do ghníomhaíochtaí agus go gcoinnítear taifead díobh.

Ní ghlacfar le bulaíocht den sórt sin i gColáiste Eoin.

11. Cuntais

Is í an scoil amháin a chuirfidh pasfhocail ar fáil nó ar ceal. Níl cead ag aon duine cuntas seachas an ceann atá ainmnithe dó/di a úsáid gan cead ar leith ón gComhordaitheoir. Tá an úsáideoir freagrach as úsáid cheart an chuntais, cosaint cheart ar an bpasfhocal san áireamh.

Tá an úsáideoir freagrach as obair ar bith a dhéantar trí cuntas agus a tharchuirtear chuig nó ón gcuntas. Tá sé/sí freisin freagrach as cothabháil comhaid agus fillteáin a chruthaítear laistigh den chuntas.

12. Rúndacht

Tá cláir agus comhaid faoi rún seachas iad a bheith á gcur ar fail, le cead scríofa, do úsáideoirí údaithe eile. Forchoimeádann an scoil an ceart rochtain a dhéanamh ar an eolas ar fad atá stóráilte ar ríomhairí. Cuirfear in iúl d’úinéirí comhaid roimh ré faoi rochtain ar chomhaid agus/nó faoi chothabháil má tá sé sin indéanta go praiticiúil. Nuair a bhíonn obair chothabhála á dhéanamh, déantar gach iarracht príobháideacht comhaid úsáideora a chinntiú. Ach, má thagtar ar shárú príobháideachta, tabharfar tuairisc ina leith láithreach.

13. Úsáid an Chórais

Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh úsáideoirí go ndéantar a ngníomhaíochtaí ríomhaireachta ar fad a thraiceáil oiread agus is féidir agus a logáil mar chóras tagartha. Tá sé de cheart ag an scoil na logaí sin a scrúdú ag am ar bith. Má thagtar ar sháraithe polasaí, tabharfar tuairisc orthu láithreach.

Is chun gníomhaíochta scoile amháin atá áiseanna cumarsáide leictreonaigh (ar nós ríomhphoist) ar fáil. Níl cead teachtaireachtaí, nó ábhair bréige, ciaptha nó gáirsiúla a sheoladh nó a stóráil.

Tá cead ag dalta ar bith na háiseanna ríomhaireachta a úsáid lasmuigh d'am ranga má bhraitheann Comhordaitheoir TEF go bhfuil an dalta inniúil chuige.

Is féidir leis an bhfoireann teagaisc an Seomra Ríomhaireachta a úsáid le grúpaí ag am ar bith seachas taifead a bheith déanta ar na tréimhsí trí pé próiseas áirithinte atá i bhfeidhm ag an am. Tógann ranganna atá ar an gclár ama agus ranganna a chuirtear in áirithe tús áite ar aon rang eile.

14. Feidhmiú an Chórais

Ní ceart do dhuine ar bith iarracht a dhéanamh feidhmiú córas ríomhaireacht a dhíghrádú d'aon ghnó nó acmhainní nó rochtain córas ríomhaireachta scoile a cheilt ar fhoireann údaráithe.

15. Rochtain Neamhúdaráithe

Ní coir lúb ar lár i gcóras slándála ríomhaireachta nó eolas ar phasfhocal speisialta a úsáid chun damáiste a dhéanamh do chórais ríomhaireachta, teacht ar acmhainní breise, acmhainní a thógáil ó úsáideoir eile, rochtain a fháil ar chóras nó ar chórais nach bhfuil cead úsáidte údaráithe ag an duine orthu.

16. Cóipcheart

Níl cead bogearra ríomhaireacht atá faoi chosaint ag cóipcheart a chóipeáil i iomlán nó i bpáirt, cóipeáil isteach ann nó é a úsáid trí mheán acmhainní ríomhaireachta Cholaíste Eoin ach, ar a cheadaítear faoin dlí nó trí chonradh le húinéir an chóipchirt. Ciallaíonn sé sin nach féidir bogearraí ríomhaireachta a chóipeáil ach amháin chun cóipeanna cultaca a dhéanamh, má cheadaíonn úinéir an chóipchirt é sin. Ní féidir líon na gcóipeanna ná dáileadh na gcóipeanna a dhéanamh sa tslí go mbeidh líon na n-úsáideoirí sa scoil níos mó na líon na mbunchóip a ceannaíodh sa scoil.

17. Cosaint ó Víris

Is é atá i víreas ríomhaireachta ná blúirí de bhogearraí a cheanglaíonn iad féin do bhlúirí bogearraí nó sonraí eile, gan chead úsáideoira an ríomhaire, agus a bhfuil a gclár ríomhaireachta déanta sa tslí go méadóidh a líon ar ríomhairí eile ag cruthú damáiste nó cur isteach éigin. Tá sé riachtanach go nglacfaidh gach úsáideoir páirt i gcinntiú go gcosnaítear an líonra ó víris.

Sé polasaí Cholaíste Eoin ná bogearraí cosanta víris atá suas chun dáta a rith ar gach ríomhaire ata nasctha leis an líonra. Tabharfaidh an bogearra tuairisc go huathoibreach ar láithreach formhór na víreas. Má fhaigheann aon úsáideoir fógra ar an scáileáin ón mbogearra seo, ba chóir dó/di éirí as úsáid an ríomhaire láithreach agus tuairisc a thabhairt láithreach do mhúinteoir nó don Chomhordaitheoir TEF.

Is féidir le víris iad féin a nascadh go furasta le meáin stórála iniompraithe agus is é seo ceann de na príomh slite ina méadaíonn siad a líon. Cuirfidh na bogearraí a úsáidtear chun cosc a chur ar dhaltaí útamáil le suiteáil ríomhairí cosc freisin go pointe ar rochtain a fháil ar na meáin iniompraithe seo. Ach níl sé seo go hiomlán slán. Freisin tarlóidh sé go mbeidh ócáidí ann ina dteastóidh ó dhaltaí agus ó mhúinteoirí sonraí a aistriú chuig agus on líonra ar mheáin iniompraithe m.sh. chun obair bhaile a chur isteach. Chun é seo a cheadú agus chun slándáil an chórais a chosaint a chinntí ag an am céanna, sé polasaí Cholaíste Eoin ná go ndéanfar aon mheán iniompraithe a scanadh do víris sula ndéantar rochtain air trí ríomhaire ar bith ar an líonra. Ní mór iad seo a athscanadh arís gach uair a úsáidtear iad i ríomhaire lasmuigh den líonra. Iarrtar ort fógra réasúnta a thabhairt má bhíonn gá le scanadh.

18. Sáráithe

Is féidir go gcuirfí pribhléidí úsáidte ríomhairí duine ar fionraí láithreach má thagtar ar shárú ar cheann de na polasaithe. Tabharfar cuntas faoi rún don bhainistíocht faoi shárú ar bith.

D'fhéadfadh an Príomhoide an Comhordaitheoir TEF a ainmniú chun scrúdú a dhéanamh ar na córais ríomhaireachta ag am ar bith gan fógra chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le polasaithe inmheánacha, chun cabhrú le fiosraithe inmheánach agus chun cabhrú le bainistíocht agus le cosaint córais acmhainní eolais na scoile.

Pléifear le sáraithe ar na polasaithe seo sa tslí céanna le sáraithe ar pholasaithe scoile eile gus d'fhéadfaí smachtbhannaí a chur i bhfeidhm. Tá raon iomlán na smachtbhannaí ar fáil. Ina measc seo tá cailliúint pribhléidí úsáidte ríomhairí, fionraí no eisiamh on gColáiste, inchur na nGarda i agus gníomhaíocht dlíthiúil. D'fhéadfadh gur coir a bheadh i gcuid de na sáraithe seo.

19. Struchtúir Thacaíochta

Cuirfidh Coláiste Eoin eolas ar fáil do dhaltai agus do thuismitheoirí faoi na príomhstruchtúir thacaíochta atá ar fáil agus faoi eagraíochtaí tacaíochtaí a bhíonn ag déileáil le hábhar mídhleathach agus le húsáid dhochrach ar an idirlín de réir mar is gá.

20. Smachtbhannaí i gcás Sárúithe ar an bPolasaí seo :

Do dhaltai, d'fhéadfadh iarmhairtí araíonachta a bheith mar thoradh ar shárúithe ar an bpolasaí seo, lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta do):

- Fionraí pribhléidí ríomhaireachta / fóin sa scoil
- Urghabháil gléasanna má aimsítear iad ar thailte na scoile nó ag gníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil
- Fógra do thuismitheoirí
- Cur i bhfeidhm smachtbhannaí de réir an Chóid Iompair
- Fionraí ón scoil agus ó ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil
- Eisiamh
- Tuairisciú don Gharda Síochána, agus gníomh dlíthiúil agus/nó ionchúiseamh dá réir

Do thuismitheoirí, cuirfear sárúithe ar an bpolasaí seo ar aghaidh chuig an nGarda Síochána nó chuig gníomhaireachtaí ábhartha eile má mheasann an Bord Bainistíochta gur cuí é.

Do mhúinteoirí, déileálfar le sárúithe ar an bpolasaí seo de réir an Chóid Iompair Ghairmiúil.

21. Treoirínte Breise

Cuirfidh Coláiste Eoin treoirínte breise ar fáil maidir le córais agus le líonraí ríomhaireachta ar leith de réir mar is gá. Bainfidh na treoirínte seo nithe eile a bhaineann le riaradh nó le cur i bhfeidhm córais a chuirfidh eispéireas foghlama den chéad scoth ar fáil do gach úsáideoir.

22. Reachtaíocht

Glacann Coláiste Eoin lena bhfuil sa reachtaíocht seo a leanas maidir le húsáid an idirlín agus feidhmíonn sé dá réir. Ba choir do dhaltai, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí bheith eolach air:

- An tAcht AE IS (Intleacht Shaorga)
- Treoir NIS2 (2022)
- An tAcht Cumarsáide Díobhála & Ciaptha (2020) [Dlí Chócó]
- An tAcht Children's First (2015)

- Rialúcháin EPhríobháideachas
- An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003
- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998
- An tAcht Tascartha 1993
- An tAcht um Fhístaiheadtaí 1989
- An tAcht um Chosaint Sonraí 1988
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997

23. Athbhreithniú

Is i dtreo go mbainfidh gach úsáideoir leas as na deiseanna foghlama a chuireann acmhainní idirlín an Choláiste ar fáil i modh éifeachtach, sábháilte atá an Polasaí Úsáidte Inghlactha seo ann. Is pribhléid é úsáid agus rochtain ar an idirlíon. Is dócha go ndéanfaidh an Coláiste agus ionadaithe tuismitheoirí agus daltaí athbhreithniú bliantúil ar an bPolasaí Úsáide Inghlactha.

Coláiste Eoin

Ainm an Dalta : _____

Bliain : _____

Dalta

Comhaontaím Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile a leanúint maidir le húsáid an idirlín agus córais ríomhaireachta na scoile. Bainfidh mé úsáid as an idirlíon agus na córais ríomhaireachta ar bhealach freagrach agus comhlíonfaidh mé na rialacha ar fad a mhíneoidh an scoil dom.

Síniú an Dalta: _____

Dáta: _____

Tuismitheoir/Caomhnóir

Mar thuismitheoir/chaomhnóir dlíthiúil an dalta thuas tá an Polasaí Úsáide Inghlactha léite agam agus tugaim cead do mo mhac rochtain a dhéanamh ar an Idirlíon agus ar chórais ríomhaireachta Choláiste Eoin. Tuigim go bhfuil rochtain Idirlín agus ríomhaireachta leagtha amach chun críocha oideachais. Tuigim freisin go bhfuil gach réamhchúram réasúnach glactha ag Coláiste Eoin chun soláthar a dhéanamh do shábháilteacht ar líne ach ní féidir freagracht a bheith ar an scoil má dhéanann daltaí rochtain ar ghréasáin mhí-oiriúnacha.

Glacaim leis an alt thuas ☐

Ní ghlacaim leis an alt thuas ☐

Maidir le suíomh idirlín an Choláiste tuigim, sa chás gur cuí leis an scoil sin, gur féidir obair scoile mo mhic a roghnú le cur ar shuíomh idirlín na scoile. Tuigim téarmaí an Pholasáí Úsáide Inghlactha agus glacaim leo maidir le obair leanaí a fhoilsiú ar ghréasán na scoile.

Glacaim leis an alt thuas ☐

Ní ghlacaim leis an alt thuas ☐

Síniú: _____

Dáta: _____

Seoladh: _____

Teil: _____
